# Iris Oifigiúil
## an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *
28 Samhain 2018

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht


Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

CINNTÍ


★ **Cinneadh (AE) 2018/1859 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a fhorscaoileadh chun cúnamh a thabhairt don Laitvia** ........ 1


**Ceartúcháin**


★ **Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2016/2134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 ón gComhairle maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach** (IO L 338, 13.12.2016) ........ 3




* Faoin tagairt L 302I a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2018/1859 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 14 Samhain 2018**

**maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a fhorscaoileadh chun cúnamh a thabhairt don Laitvia**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(3) de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le an smacht buiséadach, maidir le comhar i gcúrsaí buiséid agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais ([2]), agus go háirithe pointe 11 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é aidhm do Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh ("an Ciste") cur ar chumas an Aontais freagairt ar bhealach tapa éifeachtúil solúbtha, ar staideanna éigeandála, chun dlúthpháirtíocht a léiriú le pobail réigiún nuair a bhuaileann tubaiste nádúrtha iad.

(2) Ní féidir don Chiste a bheith níos mó ná suim uasta bhliantúil de EUR 500 000 000 (praghsanna 2011), de réir mar a leagtar síos in Airteagal 10 de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle ([3]).

(3) An 14 Samhain 2017, tar éis báisteach throm a mhair ar feadh tréimhse fhada le linn shamhradh agus fhómhar 2017 agus a d'fhág an ithir sáithithe agus ba shiocair le tuilte ina dhiaidh sin, thíolaic an Laitvia iarratas lenar iarr sí an Ciste a fhorscaoileadh.

(4) Tá an t-iarratas ón Laitvia i gcomhréir leis na coinníollacha i dtaca le ranníocaíocht airgeadais a thabhairt ón gCiste, mar a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart an Ciste a fhorscaoileadh chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar don Laitvia.

(6) Le Cinneadh (AE) 2018/508 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), rinneadh an Ciste a fhorscaoileadh chun suim EUR 50 000 000, agus é sin ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus íocaíochtaí, a chur ar fáil chun airleacain a íoc i mbliain airgeadais 2018. Ní dhearnadh na leithreasuithe sin a úsáid ach go pointe anteoranta. Dá bhrí sin, tá an deis ar fáil suim iomlán an fhorscaoilte seo a mhaoiniú trí ath-leithdháileadh a dhéanamh ar na leithreasuithe a forscaoileadh faoi chomhair airleacain a íoc i mbuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh bhliain airgeadais 2018.

(7) Chun giorrú a oiread agus is féidir ar an am a thógfaidh sé an Ciste a fhorscaoileadh, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ó dháta a ghlactha,

([1]) IO L 311, 14.11.2002, lch. 3.
([2]) IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.
([3]) Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).
([4]) Cinneadh (AE) 2018/508 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a fhorscaoileadh chun foráil a dhéanamh maidir le hairleacain a íoc i mbuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh 2018 (IO L 83, 27.3.2018, lch. 13).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Le haghaidh bhuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2018, bainfear úsáid as Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh chun méid EUR 17 730 519 a sholáthar don Laitvia, agus é sin ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus íocaíochtaí.

Déanfar suim an fhorscaoilte dá dtagraítear sa chéad mhír a mhaoiniú as na leithreasuithe a forscaoileadh chun airleacain a íoc i mbuiséad an Aontais le haghaidh bhliain airgeadais 2018. Fágann sin go laghdófar na leithreasuithe a chuirfear ar fáil faoi chomhair airleacain a íoc.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 14 Samhain 2018.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 14 Samhain 2018.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
A. TAJANI

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
K. EDTSTADLER

# CEARTÚCHÁIN

## Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2016/2134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 ón gComhairle maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 338 Eagrán Speisialta Gaeilge an 13 Nollaig 2016)*

Ar leathanach 6, Airteagal 1, pointe (2)(b), pointe nua pointe (i) d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005:

*in ionad:* "…

5. soláthróir an chúnaimh theicniúil nó an bróicéir, i gcás soláthairtí cúnaimh theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 7a nó seirbhísí bróicéireachta dá dtagraítear nó in Airteagal 7d;",

*léitear:* "…

5. soláthróir an chúnaimh theicniúil nó an bróicéir, i gcás soláthairtí cúnaimh theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 7a nó seirbhísí bróicéireachta dá dtagraítear nó in Airteagal 7e;".

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA